Gaelscoil Naomh Pádraig

Polasaí Dlúthchúraim Phearsanta agus Úsáid Leithris

Réamhrá:

Tá an polasaí seo forbartha ag foireann Ghaelscoil Naomh Pádraig i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta lena chinntiú go ndéantar riachtanais agus cearta na ndaltaí agus na foirne a chosaint agus a chothabháil agus go ndéantar na caighdeáin is airde dea-chleachtais a chinntiú i gcónaí i réimse an dlúthchúnaimh phearsanta. Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí seo treoir shoiléir a thabhairt maidir le hidirghníomhú na foirne le daltaí a bhfuil dlúthchúram pearsanta ag teastáil uathu. Is iondúil gurb iad na Cúntóirí Riachtanas Speisialta a dhéanfaidh freastal ar riachtanais dlúthchúraim phearsanta na ndaltaí ach d'fhéadfadh múinteoirí a bheith páirteach ann freisin.

Tá an dlúthchúram pearsanta mar phríomhréimse d'fhéiníomhá agus meas duine agus, dá réir sin, tá sé ríthábhachtach go gcleachtar é ar bhealach tuisceanach. Léireoidh an leibhéal cúnaimh a bheidh ag teastáil riachtanais gach mac léinn aonair ag aon am ar leith.

Sainmhíniú ar an Dlúthchúram Pearsanta:

Tagraíonn an dlúthchúram pearsanta do gach gné den tacaíocht a thugtar do dhalta, cibé acu trí theagmháil dhíreach nó indíreach, a bhaineann le feidhmeanna coirp, táirgí coirp agus sláinteachas pearsanta a bhaineann le baill phearsanta den chorp.

Is éard atá i gceist le teagmháil dhíreach ná teagmháil fhisiciúil idir an dalta agus an ball foirne. D'fhéadfadh teagmháil le baill dhlúthphearsanta den chorp a bheith i gceist chomh maith le baill eile den chorp.
Is éard atá i gceist le teagmháil indíreach ná maoirseacht, breathnóireacht agus spreagadh an dalta chun tascanna pearsanta agus dlúthchúraim phearsanta a chur i gcrích.

Áirítear mar chuid den dlúthchúram pearsanta éadaí a bheith curtha ort is bainte díot (fo-éadaí), tacaíocht leis an leithreas a úsáid, athrú clúidíní nó clúidíní a tharraingítear suas, glanadh baill dhlúthphearsanta den chorp agus cúram míosta (más gá).

Aidhm:

Is é aidhm an pholasaí seo ná treoir a thabhairt do bhaill foirne maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaltaí ó thaobh a gcuid riachtanais dlúthchúraim phearsanta de ar bhealach a chuireann dínit, leas agus príobháideacht na ndaltaí chun cinn agus a chosnaíonn ionracas na foirne páirteach ag an am céanna.

Páistí le Riachtanais faoi leith ó thaobh Úsáid Leithris/Dlúthchúram Pearsanta de

- I ngach cás ina dteastaíonn cúnamh ó dhalta le húsáid leithris/dlúthchúram pearsanta, tionólfar cruinniú, tar éis dó/di rollú agus sula dtosaíonn an páiste ar scoil d'fhonn plean dlúthchúraim phearsanta a dhréachtú (Aguisín 1)
- Beidh Tuismitheoirí, Caomhnóirí, Príomhoide, Múinteoir Ranga, CRS, agus más cuí, an dalta, i láthair
- Soiléireofar riachtanais chúraim ar leith an pháiste, agus conas a fhreastalóidh an scoil orthu
- Sainaithneofar pearsanra a bhfuil baint acu leis an gcúram seo
- Leagfar amach soláthar d'ócáidí nuair a bhíonn baill foirne as láthair (m.sh. ní bheidh Cúntóirí Riachtanas Speisialta nó múinteoirí ionaid bainteach go ginearálta leis an dlúthchúram pearsanta. Déanfar aon athrú ar phearsanra a phlé leis an dalta, más cuí).

Nós Imeachta:

- Nuair is féidir, beidh beirt bhall foirne i láthair agus iad ag déileáil le riachtanais dlúthchúraim phearsanta, ball amháin chun an dlúthchúram pearsanta a riar agus an dara ball chun seasamh taobh amuigh den doras leathoscailte i gcás ina bhfuil gá le tacaíocht bhreise. Ní bheidh gá don bheirt bhall foirne dlúthchúram pearsanta a riar

- Ní bheidh baill foirne shealadacha nó daoine sa scoil ar shocrúchán oibre bainteach le déileáil le riachtanais dlúthchúraim phearsanta
- Déanfar aon athruithe ar an bplean cúraim a phlé leis an tuismitheoir/caomhnóir agus leis an dalta agus déanfar iad a nótáil i scríbhinn i gcomhad an dalta
- Chomh fada agus is féidir beidh baint ag an dalta lena gcuid riachtanais phearsanta, mianta, athruithe srl. a aithint
- Beidh dínit agus príobháideacht an dalta ríthábhachtach i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais dlúthchúraim phearsanta
- Caithfidh an fhoireann lámhainní cosanta agus dlúthchúram pearsanta á riar acu
- D'fhonn neamhspleáchas a chur chun cinn, éascófar don dalta an oiread dá riachtanais dlúthchúraim phearsanta a chur i gcrích is atá sé/sí in ann a dhéanamh go fisiciúil
- Sula gcuirfear tús le tasc dlúthchúraim phearsanta, míneoidh an ball foirne don dalta, ag baint úsáid as modh cuí cumarsáide, cad atá siad ar tí a dhéanamh agus conas a dhéanfaidh sé/sí é
- Ní mór taifead de riachtanais dlúthchúraim phearsanta a rinneadh a choinneáil — féach Aguisín 2.

Timpistí Úsáid Leithris:

- Coinneofar soláthar fo-éadaí glana, ceirtíní, brístí spóirt srl sa scoil
- Ar an gcéad dul síos, tairgfear éadaí úra don dalta chun iad féin a ghlanadh agus a athrú
- Más rud é, ar chúis ar bith, nach bhfuil an páiste in ann iad féin a ghlanadh nó a athrú, rachfar i dteagmháil leis na tuismitheoirí chun iad a chur ar an eolas faoin gcás agus chun cead a dheimhniú go mbeadh ball foirne (CRS de ghnáth) in ann cúnamh a thabhairt don pháiste
- Más gá don fhoireann an páiste a ghlanadh/a athrú, freastalóidh beirt bhall foirne air/uirthi, má tá siad ar fáil, agus is fearr go bhfuil aithne mhaith ag an bpáiste ar dhuine amháin ar a laghad den fhoireann (ball amháin chun an dlúthchúram pearsanta a riar/cúnamh a thabhairt dó/di agus ball eile chun seasamh lasmuigh den doras leathoscailte má tá tacaíocht bhreise ag teastáil)
- Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas faoi thimpistí leithris ar bith.

Míostrú:

- Beidh soláthar pillíní sláintíocha srl. ar fáil i leithris na ranganna sinsearacha go léir. Déanfaidh ball foirne cúnta na scoile iad seo a athlánú nuair is gá. Mar chuid den phlé OCG cuirfear gach páiste ar an eolas faoi seo
- Cuirfear daltaí sna hardranganna ar an eolas faoi shuíomh na mboscaí sláintíochta agus faoina n-úsáid ag tús gach bliana.

Cosaint Páistí:

I gcás ina dtagann ábhar imní chun cinn le linn tasc dlúthchúraim phearsanta á dhéanamh, cuirfidh an ball foirne/na baill foirne an méid sin in iúl láithreach don teagmhálaí ainmnithe. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna saincheisteanna sin;

- Tá an dalta gortaithe de thaisme
- Tá an chuma ar an dalta go bhfuil sé/sí i bpian, goilliúnach nó brúite ar bhealach neamhghnách
- Is cosúil go mbaineann an dalta míbhrí as atá ráite nó déanta
- Tá freagairt an-mhothúchánach ag an dalta gan aon chúis shoiléir
- Déanann an dalta líomhain i gcoinne ball foirne

Déileálfaidh an teagmhálaí ainmnithe le haon ábhar imní de réir Pholasaí um Chosaint Páistí na scoileanna agus i gcomhréir leis an Treoir Tús Áite do Leanaí.
https://www.tusla.ie/children-first/children-first-guidance-and-legislation/

Polsaithe eile chun dul i gcomhairle leo

Feidhmíonn an polasaí seo i gcomhar le gach polasaí scoile eile, lena n-áirítear:

An Cód Iompair

Ráiteas um Chosaint Páistí

Measúnú Riosca um Chosaint Páistí

Polasaí RSO

Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta

Cur i bhFeidhm:

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an bpolasaí seo agus as soláthar soláthairtí scoile atá riachtanach chun dlúthchúram pearsanta a riar
Beidh an Príomhoide, Comhordaitheoir ROS, CRS agus baill foirne ábhartha eile freagrach as an bpolasaí seo a chur i bhfeidhm.

Tá **an Príomhoide** freagrach as

- Cinntiú go gcuirtear an polasaí seo in iúl d'aon bhall foirne ar gá dóibh tacaíocht dlúthcúraim phearsanta a chur ar fáil agus go bhfaigheann sé/sí oiliúint chuí (nuair is gá) agus comhairle roimh thacaíocht a thabhairt do dhalta lena c(h)úram pearsanta
- Cinntiú go dtuigfidh na baill foirne a dhéanann dlúthchúram pearsanta go hiomlán nádúr rúnda agus íogair an taisc agus an fhéidearthacht go mbainfear míbhrí as
- Áirithiú go dtabharfar aghaidh ar aon easnaimh i dtéarmaí acmhainní a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don mhodh ina soláthraítear dlúthchúram pearsanta agus, i gcás inar gá, go gcuirfear in iúl don BB iad lena réiteach
- Cinntiú go dtugtar aghaidh láithreach ar aon ábhar imní maidir le Cosaint Leanaí a thuairiscíonn baill foirne atá i mbun dualgais dlúthchúraim phearsanta

- Cinntiú leis an gComhordaitheoir ROS go bpléitear an Plean Dlúthchúraim Phearsanta leis an dalta agus leis na tuismitheoirí/caomhnóirí ag tús gach bliana acadúla agus go ndéantar athbhreithniú air ag deireadh gach téarma.

Ba chóir do **bhaill foirne** nach mór dóibh tacaíocht dlúthchúraim phearsanta a chur ar fáil do dhaltaí:

- Cinntiú go bhfuil siad eolach ar an bpolasaí seo agus go gcomhlíonann sé/sí é
- Cinntiú go bhfuil siad eolach ar Phlean Dlúthchúraim Phearsanta an dalta aonair agus go gcomhlíonann sé/sí é (má tá plean i bhfeidhm)
- Aon ábhar imní, a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus dualgais dlúthchúraim phearsanta á gcomhlíonadh, a thuairisciú láithreach don teagmhálaí ainmnithe
- Éadaí cosanta amhail lámhainní is naprúin aon uaire a úsáid de réir mar is cuí agus tascanna dlúthchúraim phearsanta á ndéanamh.

Cuirfear an polasaí seo ar fáil do bhaill foirne ar an gcóras inlín, eadhon; Teachershare agus ar shuíomh gréasáin na scoile @ www.gsnp.ie. Is féidir le tuismitheoirí cóip chrua a iarraidh chomh maith a chuirfidh an Príomhoide ar fáil.

Athbhreithniú agus Glacadh:
Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar an bpolasaí seo, i bhfianaise na reachtaíochta atá ag teacht chun cinn agus scaipfear é. Treoirlínte ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó ó chomhlacht reachtúil eile.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bpolasaí seo ar

Sínithe: Brian Ó Fiaich Dáta: 28/11/2022
(Cathaoirleach)

Sínithe: Liam Breathnach Dáta: 28/11/2022
(Rúnaí an Bhoird)

Gaelscoil Naomh Pádraig

Ráiteas Dlúthchúraim Phearsanta– Aguisín 1: Plean Dlúthchúraim Phearsanta
Aguisín 2: Taifead ar Idirghabháil Dlúthchúraim Phearsanta

PLEAN DLÚTHCHÚRAIM PHEARSANTA

Ainm an Dalta	
Dáta Breithe	
Grúpa Ranga agus múinteoir	
Tuismitheoirí/Caomhnóirí	

Tascanna	**Idirghabháil Dlúthchúraim Phearsanta ag teastáil ó Bhaill Foirne**	**Dalta in ann don tasc le maoirseacht/cúnamh beag ó Bhaill Foirne**
Úsáid Leithris		
Níochán Lámh		
Gléasadh — éadaí/fo-éadaí á n-athrú tar éis timpiste leithris		

Áiseanna/trealamh de dhíth	**Sea/Ní hea**	**Nótaí Tráchta**
Bord athraithe		
Céim (le go sroichfidh an dalta an bord)		
Cófra nó taisceadán chun míreanna a stóráil		
Aonad/bosca bruscair diúscartha		
Lámhainní aon uaire		
Naprúin aon uaire		
Eile		

Soláthairtí	Soláthairtí Teaghlaigh	Soláthairtí Scoile
Clúidíní a tharraingítear suas - má mholann dochtúir iad		
Ceirtín leithris insruthlaithe		
Málaí clúidíní		
Éadaí breise		
Mata athraithe		
Gallúnach láimhe leachtach		
Glantóir láimhe antaiseipteach do baill foirne		
Lámhainní aon uaire		
Naprúin aon uaire		
Sreabhán steiriliúcháin		

Baill Foirne	**Sonraí na hoiliúna atá ag teastáil**	**Oiliúint tugtha (dáta)**

Nótaí Tráchta

Cead don scoil dlúthchúram pearsanta a chur ar fáil

Tugaim/Tugaimid cead do Ghaelscoil Naomh Pádraig dlúthchúram pearsanta a chur ar fáil do mo pháiste/dár bpáiste.
Tuigim/Tuigimid na nósanna imeachta a chuirfear i gcrích agus rachaidh mé/muid i dteagmháil leis an scoil láithreach má bhíonn aon imní ann.
Tá Ráiteas Dlúthchúraim Phearsanta Ghaelscoil Naomh Pádraig léite agam/againn agus tuigim/tuigimid é.
Cuirfidh mé/muid na nithe atá liostaithe thuas ar fáil go tráthúil

1. Síniú……. Dáta:……

Ainm**:……Gaol leis an bPáiste:…….**

2. Síniú……. Dáta:……

Ainm**:……. Gaol leis an bPáiste:……**

Gaelscoil Naomh Pádraig

Aguisín 2 Taifead ar Idirghabháil Dlúthchúraim Phearsanta

Ainm an Dalta_____ Bliain/Rang
Grúpa_____

Ainm(neacha) na mball foirne
páirteach_____

Dáta	Am	Nós Imeachta	Síniú(ithe)	Nótaí Tráchta

C-